C/2026/1651

13.3.2026

Foilsiú iarratais ar fhormheas ar leasú ar leibhéal an Aontais ar shonraíocht táirge le haghaidh ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint in earnáil an fhíona de bhun Airteagal 97(3) i gcomhar le hAirteagal 105 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(C/2026/1651)

Laistigh de 3 mhí ó dháta an fhoilsithe seo, féadfaidh údaráis Bhallstáit nó údaráis tríú tír nó duine nádúrtha nó dlítheanach ag a bhfuil leas dlisteanach agus atá bunaithe nó a bhfuil cónaí air i dtríú tír freasúra a thaisceadh leis an gCoimisiún ([1]), i gcomhréir le hAirteagal 17 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

IARRATAS AR LEASÚ AR LEIBHÉAL AN AONTAIS AR AN tSONRAÍOCHT TÁIRGE

'Drăgăşani'

Uimh. AE: PDO-RO-A0286-AM02

Dáta an iarratais: 16.8.2021

1. Iarratasóir agus leas dlisteanach

Cumann Táirgeoirí Fíona Drăgăşani (APV Drăgăşani)

Is eintiteas dlítheanach neamhbhrabúsach Rómánach é an Cumann faoi rialú an dlí phríobháidigh, a eagraíonn agus a dhéanann a ghníomhaíochtaí i gcomhréir leis an reachtaíocht atá i bhfeidhm agus leis na hairteagail chomhlachais. Léiríonn an Cumann sin bainistíocht na bhfíonghort a chuirtear agus a chláraítear faoi ATFC Drăgăşani (thart ar 280 ha) agus cainníochtaí na bhfíonta atá deimhnithe lena ndíol agus a tháirgtear faoi ATFC Drăgăşani.

2. Ceannteideal sa tsonraíocht táirge dá ndéanann an leasú (nó na leasuithe) difear

☐ Ainm an táirge

☒ Catagóir an táirge fíniúna

☒ Nasc

☒ Srianta margaíochta

3. Tuairisc agus cúiseanna leis an leasú

1. *Catagóirí nua fíona a chuimsiú: fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

Cuireadh catagóirí nua fíona leis: fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

Is gá catagóirí nua fíona a tháirgeadh a cheadaítear le reachtaíocht i limistéar Drăgăşani, áit a ndéanann athruithe domhanda ar dhálaí aeráide difear don aeráid réigiúnach, chun freagairt d'éagsúlú spéise tomhaltóirí, atá dírithe le déanaí ar chineálacha nua táirgí a bhfuil gnéithe sonracha acu a cheanglaíonn iad don limistéar táirgeachta nó do na modhanna táirgthe.

Le blianta beaga anuas, tá infheistíochtaí agus obair déanta chun bonneagar táirgthe agus teicneolaíochtaí a nuachóiriú i limistéar an ATFC, faoi thionchar thraidisiún agus luach na bhfíonta socra ar a bhfuil an ATFC Drăgăşani a aithnítear ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach. Mar thoradh air sin, is féidir cineálacha eile fíonta a tháirgeadh, agus is fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán atá ar intinn ag roinnt mhaith táirgeoirí sa limistéar faoi láthair a bhfuil rún acu an bunfhíon a tháirgeadh le haghaidh fíon súilíneach agus an táirge críochnaithe a tháirgeadh laistigh den limistéar geografach.

([1]) Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1143/oj).

Táirgeadh fíon súilíneach PDO sa limistéar atá críochaithe le haghaidh ATFC Drăgășani, a fhaightear trí choipeadh tánaisteach i mbuidéil agus úsáid á baint as an modh clasaiceach, ó bhí an tréimhse idir an dá Chogadh Domhanda ann. Díoladh an fíon súilíneach sin go príomha ar na margaí intíre agus eachtracha.

Tá níos mó agus níos mó táirgeoirí fíonta súilíneacha ann, a úsáideann an modh coipthe i mbuidéil agus an modh coipthe nua in umair/uathchláibh 'aerthóra', atá i bhfad níos inrochtana. D'fhéach táirgeoirí fíonta socra i limistéar ATFC Drăgășani le traidisiún a athbheochan agus leas á bhaint acu freisin as acmhainneacht fíona an limistéir le cineál nua táirge a bhfuil éileamh air ar mhargadh na dtomhaltóirí fíona, is é sin an dá chatagóir nua táirge.

Aithnítear na fíonta a fhaightear ó fhíonghoirt Dealul Olt, Dobrușa, Șutești, Mitrofani, Călina, Prundeni, Orlești agus Gușoeni mar gheall ar cháilíocht eisceachtúil na bhfíonta geala agus aramatacha. Tá fíonta dearga suntasacha ann freisin a dhéantar as fíonchaora a fhástar ar dháileachtaí talún atá suite ar an trian uachtarach de na cnoic, áit a gcarnann leibhéil níos airde siúcraí agus antóiciaininí sna fíonchaora mar gheall ar leibhéil níos airde gréine agus ithreacha níos boichte agus níos struchtúrtha, rud a chuireann teorainn leis an táirgeadh in aghaidh an heicteáir ach a chuireann feabhas ar an gcáilíocht.

Leasaíodh Caibidil 1 den tsonraíocht táirge agus Roinn 3 den Doiciméad Aonair.

2. *Tásc an naisc leis an limistéar geografach le haghaidh na gcatagóirí nua fíona a iarradh*

Trí chatagóirí nua fíonta a thabhairt isteach (fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán, fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán) is féidir an nasc idir gach catagóir agus limistéar a léiriú chun comhlíonadh na reachtaíochta atá ann cheana a áirithiú i gcás ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint.

Leasaíodh Caibidil 2 den tsonraíocht táirge agus Roinn 8 den Doiciméad Aonair.

3. *Saintréithe anailíseacha agus orgánaileipteacha na gcatagóirí nua fíona a chur i láthair*

I bhfianaise go n-áirítear fíon súilíneach ar ardchaighdeán agus fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán sa tsonraíocht táirge, is gá paraiméadair anailíseacha na gcatagóirí sin d'fhíonta ATFC Drăgășani agus a saintréithe orgánaileipteacha a chur i láthair chun comhlíonadh fhorálacha na reachtaíochta atá i bhfeidhm lena sainítear ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint a áirithiú.

Leasaíodh Caibidil 11 den tsonraíocht táirge agus Roinn 4 den Doiciméad Aonair.

4. *Tásc cleachtais theicneolaíocha shonracha le haghaidh táirgeadh catagóirí nua fíonta*

Leasaíodh an tsonraíocht chun cleachtais theicneolaíocha áirithe a bhaineann go sonrach le táirgeadh na gcatagóirí nua fíona a áireamh, le tuairisc mhionsonraithe ar oibríochtaí teicneolaíochta áirithe chun na catagóirí nua fíona a phróiseáil (fíonchaora a phróiseáil, úrfhíonta a phróiseáil, coipeadh alcólach úrfhíonta, giosta a úsáid, licéar dáileogachta a ullmhú, moirt roghnaithe, etc.).

Leasaíodh Caibidil 10 den tsonraíocht táirge: Ní dhéanann sé sin difear don Doiciméad Aonair.

5. *Coinníollacha a chur isteach maidir le cleachtais fhíoneolaíocha shonracha le haghaidh na gcatagóirí nua fíonta*

Cuireadh na catagóirí nua fíona is gá le haghaidh táirgthe leis an tsonraíocht táirge, lena n-áirítear mionsonraí maidir le táirgeadh fíonta *rosé* trí úsáid a bhaint as teicníc phróiseála ar leith lena gcinntear dath an fhíona.

Faightear fíonta *rosé* súilíneacha ar ardchaighdeán ó chineálacha dubha nó dearga amháin, trí mhaothú na dtorthaí. Féadfar fíonta *rosé* a mheas freisin mar fhíonta ó chineálacha Pinot gris má mhaothaítear na torthaí chomh fada agus is gá chun an dath a eastóscadh ó chraiceann daite go fíneálta an dá chineál sin. Féadfar fíon geal a fháil ó fhíonchaora dubha nó dearga freisin. Féadfar fíon súilíneach ar ardchaighdeán a fháil trí choipeadh alcólach príomhúil (díreach ón úrfhíon) nó trí choipeadh alcólach tánaisteach (ó bhunfhíon).

Leasaíodh Caibidil 9 den tsonraíocht táirge agus Roinn 5 den Doiciméad Aonair.

6. *Tásca roghnacha le haghaidh catagóirí nua fíona a chuimsiú ar an lipéad*

Agus catagóirí nua fíonta á gcuimsiú sa táirgeadh, ní mór coinníollacha a bhaineann le tásc an chineáil fíona, an cineál fíona ag brath ar an gcion glúcóis agus fruchtóis nó ar ghnéithe a bhaineann lena mbuidéalú a chur leis na forálacha lipéadaithe.

Leasaíodh Caibidil 12 den tsonraíocht táirge agus Roinn 9 den Doiciméad Aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm an táirge**

Drăgăşani

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC — Ainmniúchán Tionscnaimh Faoi Chosaint

3. **Catagóirí na dtáirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

6. Fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán

3.1. *Cód Ainmníochta Comhcheangailte*

• 22 – DEOCHANNA, BIOTÁILLÍ AGUS FÍNÉAGAR

2204 — Fíon ó fhíonchaora úra, lena n-áirítear fíonta treisithe; úrfhíon fíonchaor seachas é sin atá faoi cheannteideal 2009

4. **Tuairisc ar an bhfíon (nó ar na fíonta)**

1. *Fíonta geala*

Bíonn dea-bholaithe bláthacha úra orthu agus bíonn dath buí na tuí lena ngabhann imireacha scoth-ghlasbhuí orthu, dea-bholaithe fanaile, fíonchaora aibithe, ime úir, bláthanna troim diana, bláthanna fíniúna, bláthanna acaicia, meala agus noitmige. I dtéarmaí blais, bíonn beagán blas almóinne ar na fíonta sin, mar aon le húire, tathag iomlán agus iarbhlas fada. Meastar gur fíonta éadroma, an-aigéadacha iad formhór mór na bhfíonta geala. Blas aigéadach, bríomhar, torthaíoch, cothrom, agus dea-bholadh torthaí dea-aibithe go minic.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

2. *Fíonta* rosé

Bíonn dath bándearg éadrom an bhradáin ar na fíonta sin, mar aon le cumhracht a nochtann dea-bholaithe sútha talún fiáine, almóinní uaireanta, agus peitil róis. Bíonn blas úr briosc orthu, bíonn siad torthaíoch, agus bíonn dea-bholaithe silíní úra agus iarbhlas beagán géar orthu, mar aon le cáilíochtaí a mheallann tomhaltóirí fíonta úra nuair a bhaineann siad a n-úire uasta amach.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 200

3. *Fíonta dearga*

Blas — struchtúr tainneach láidir, blas casta, féarúil, dea-bholaithe torthaí foraoise, fraocháin ghorma, cuiríní agus spíosraí, chomh maith le dea-bholaithe torthaí foraoise aibí, prúnaí agus silíní searbha. Dath — dath dorcha an rúibín, dath measartha dian an rúibín, dath domhain dorcha an rúibín, dath dian an ghairnéid. Bíonn blas mín ar na fíonta sin lena ngabhann aigéadacht dhea-chomhtháite, mar aon le hiarbhlas fada, cothromaithe, maothlaithe. Cumhracht láidir cuiríní dubha úra, sméara dubha, sailchuacha, silíní agus ar a mbíonn rian beag piobair úir le brath, lena ngabhann mionbholadh beagán seacláide, blas torthaíoch dian lena ngabhann mionbhlasanna fíneálta caife atá díreach rósta. Soláthraíonn tainniní míne agus éadroma acmhainneacht mhaith aosaithe. Uaireanta cuirtear blas beag fanaile le mionbhlas torthaí úra.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 12,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 20

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 150

4. *Fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán*

Aithnítear na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán mar gheall ar a bhfíneáltacht, ina mbíonn mionsúilíniú dian ag an tús a éiríonn níos éadroime ach a mhaireann ar feadh i bhfad.

— Geal, idir scoth-ghlasbhuí agus buí éadrom, idir scoth-ghlasbhuí agus buí na tuí, agus bíonn imireacha bándearga éagsúla sna fíonta súilíneacha *rosé* ag brath ar an gcineál/na cineálacha a úsáidtear chun iad a tháirgeadh;

— Blas/boladh: mín, ar a mbíonn dea-bholaithe coipthe, rian de bhláthanna, meala, féir thirim atá beagán triomaithe, mionbholaithe giosta uathalaithe, almóinní, úill bhuí, dea-bholaithe róis agus caor (sútha talún fiáine, sméara dubha, fraocháin ghorma, sútha talún).

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 11,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

5. *Fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán*

Aithnítear na fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán mar gheall ar a bhfíneáltacht, ina mbíonn mionsúilíniú marthanach agus mín.

— Scoth-ghlasbhuí, éadrom nó buí na tuí, imireacha éagsúla bándearga, ag brath ar an gcineál.

— Boladh/blas: ar ghnáthbholadh/ghnáthbhlas den chineál muscat é, basal, bláth troim, dea-bholaithe coipthe, bláthach, ar a mbíonn rian fíneálta de ghiosta uathalaithe, torthaí foraoise, torthaí aibí (silíní searbha, cuiríní dearga, sútha craobh, sútha talún) le brath, aigéadacht bhríomhar mharthanach, mianracht mhín.

Saintréithe anailíseacha ginearálta

— Neart alcóil iomlán uasta (in % de réir toirte): 15,00

— Neart alcóil iarbhír íosta (in % de réir toirte): 6,00

— Aigéadacht iomlán íosta: 3,5 gram in aghaidh an lítir, arna sloinneadh mar aigéad tartarach

— Aigéadacht luaineach uasta (i milleachoibhéisí in aghaidh an lítir): 18

— Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (i milleagraim in aghaidh an lítir): 185

5. **Cleachtais fhíoneolaíocha**

(a) *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Cleachtais fhíoneolaíocha

Srian ábhartha ar dhéanamh na bhfíonta

Toirmisctear milsiú fhíonta ATFC Drăgășani.

2. Cleachtas fíoneolaíoch sonrach le haghaidh fíonta *rosé*

Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

Faightear fíonta súilíneacha *rosé* ar ardchaighdeán ó chineálacha dubha nó dearga amháin, trí mhaothú na dtorthaí. Féadfar fíonta *rosé* a mheas freisin mar fhíonta ó chineálacha Pinot gris má mhaothaítear na torthaí chomh fada agus is gá chun an dath a eastóscadh ó chraiceann daite go fíneálta na gcineálacha sin. Féadfar fíon geal a fháil ó fíonchaora dubha nó dearga freisin.

Féadfar fíon súilíneach ar ardchaighdeán a fháil trí choipeadh alcólach príomhúil (díreach ón úrfhíon) nó trí choipeadh alcólach tánaisteach (ó bhunfhíon atá le húsáid le haghaidh fíon súilíneach).

(b) *Uastáirgeacht*

1. ag aibíocht iomlán na buainte, Crâmpoșie selecționată

14 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

2. ag aibíocht iomlán na buainte, Fetească regală, Riesling italian, Sauvignon, Pinot gris, Chardonnay

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

3. ag aibíocht iomlán na buainte, Tămâioasă românească, Muscat Ottonel, Negru de Drăgășani

12 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

4. ag aibíocht iomlán na buainte, Novac, Burgund mare, Merlot, Pinot noir, Cabernet Sauvignon, Syrah, Fetească neagră, Alutus

10 000 cileagram fíonchaor in aghaidh an heicteáir

5. ag aibíocht iomlán na buainte, Crâmpoșie selecționată

112 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. ag aibíocht iomlán na buainte, Fetească regală, Riesling italian, Sauvignon, Pinot gris, Chardonnay

96 heictilítear in aghaidh an heicteáir

7. ag aibíocht iomlán na buainte, Tămâioasă românească, Muscat Ottonel, Negru de Drăgășani

96 heictilítear in aghaidh an heicteáir

8. ag aibíocht iomlán na buainte, Novac, Burgund mare, Merlot, Pinot noir, Cabernet Sauvignon, Syrah, Fetească neagră, Alutus

75 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **An limistéar geografach sainithe**

Contae Vâlcea:

— Bardas Drăgășani — comhdhúichí Drăgășani, Zărneni, Zlătărei agus Valea Caselor;

— Bardas Ștefănești — sráidbhailte Dobrușa, Condoiești, Șerbănești agus Ștefănești;

— Bardas Șutești — sráidbhailte Racu, Izvorașu, Șutești, Mitrofani, Verdea, Mazili agus Boroșești;

— Bardas Prundeni — sráidbhailte Prundeni, Călina agus Zăvideni;

— Bardas Orlești — sráidbhailte Orlești, Silea, Scaioși agus Procopoaia;

— Bardas Crețeni — sráidbhailte Crețeni, Mrenești, Streminoasa agus Izvoru;

— Bardas Gușoeni — sráidbhailte Gușoeni, Măgureni, Spârleni, Gușoianca agus Burdălești;

— Bardas Lungești — sráidbhailte Lungești, Carcadiești, Fumureni agus Stănești-Lunca.

Contae Olt:

— Bardas Cârlogani — sráidbhailte Cârlogani agus Cepari;

— Bardas Strejești — sráidbhailte Strejeștii de Sus agus Colibași;

— Bardas Pleșoiu — sráidbhaile Schitu din Deal.

7. **Cineál (nó cineálacha) fíonchaor**

Alutus N

Cabernet Sauvignon N — Petit Vidure, Burdeos tinto

Chardonnay B — Gentil blanc, Pinot blanc Chardonnay

Crâmpoşie selecţionată B

Fetească neagră N — Schwarze Mädchentraube, Poama fetei neagră, Păsărească neagră, Coada rândunicii

Fetească regală B — Königliche Mädchentraube, Königsast, Királyleányka, Dănășană, Galbenă de Ardeal

Muscat Ottonel B — Muscat Ottonel blanc

Negru de Drăgășani N

Novac N

Pinot Gris G — Affumé, Grauer Burgunder, Grauburgunder, Grauer Mönch, Pinot cendré, Pinot Grigio, Ruländer

Riesling italian B — Olasz Riesling, Olaszriesling, Welschriesling

Syrah N — Shiraz, Petit Syrah

8. **Tuairisc ar an nasc (nó ar na naisc)**

8.1. *Mionsonraí an limistéir*

Síneann limistéar Drăgăşani idir Subcarpaţii Getici sa tuaisceart agus Má na Rómáine (Câmpia Română) sa deisceart agus san oirdheisceart, idir 44°30′-44°55′ ó thuaidh agus 23°55′-24°15′ soir. Síneann an limistéar ar feadh fad thart ar 50 km idir ceantair Strejeşti sa deisceart agus Ioneşti sa tuaisceart, le fairsinge soir-siar de thart ar 30 km. Ó thaobh riaracháin de, tá na fíonghoirt suite i gcontaetha Vâlcea agus Olt.

Saintréith den tír-raon is ea buaiceanna idir aibhneacha ina bhfuil fánaí géara, a shíneann comhthreomhar le habhainn Olt agus a bhfuil a n-aghaidh ó thuaidh agus ó dheas. Méadaíonn airde chnoic na bhfíonghort ón deisceart (Oporelu 193 m) go dtí an tuaisceart (Scundu 463 m), as a n-eascraíonn nochtaí éagsúla atá fabhrach do shaothrú fíniúnacha. Ní ligeann an cineál sin tír-raoin don aer fuar stálú, ach spreagann sé é sreabhadh trí na gleannta chuig abhainn Olt, rud a laghdaíonn an riosca seaca. Tá formhór na bhfíonghort suite ar na fánaí, rud a áirithíonn draenáil nádúrtha optamach le haghaidh na bhfíniúnacha.

Liteolaíocht — tá an ithir comhdhéanta de chré, marlchloch agus gaineamh treasach i sraitheanna, ceann i ndiaidh an chinn eile, ar fhánaí agus iomairí na gcnoc agus d'ithir shiolta d'uigeachtaí éagsúla in ísealchríocha Olt.

Baineann lúivísail bhána, plánasail agus ithreacha podsalacha donna leis na hithreacha atá ar an ardán. Tá ithreacha cré donna inláisteacha ar na fánaí agus léibhinn uachtaracha caola dea-dhraenáilte, tá ithreacha donna agus eiméiseabhunúsacha agus reigeasail ar na fánaí. Tá ithreacha donna scothdhearga le feiceáil ar na léibhinn ar an gcuid theas den fhíonghort.

Is í abhainn Olt an príomhchóras hidreagrafach, an príomháit ina mbailíonn barraíocht báistí ó na cnoic sna gleannta a scarann iad.

Tá an aeráid measartha ilchríochach, lena ngabhann geimhrí fuara agus samhraí teo, ach lena mbaineann teagmhais fhoircneacha oirthear na hEorpa níos measartha agus roinnt tionchar ón Meánmhuir freisin. Cruthaíonn an mheánteocht bhliantúil (11.3 °C), báisteach mheasartha (642 mm in aghaidh na bliana) agus solas na gréine le linn an tséasúir fáis (1 520 uair an chloig) dálaí aeráide atá fabhrach d'fhás fíniúnacha, rud a mbíonn tionchar díreach aige ar cháilíocht na buainte. Tugann an meascán aeráide an aigéadacht nádúrtha is fearr do na fíonchaora agus do na húrfhíonta, rud a chuireann dea-bholaithe na bhfíonta socra agus na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán i gcrích.

Mar gheall ar shaintréithe fisiceacha na n-ithreacha ar fhánaí na mbunchnoc, a chuireann srian go príomha ar fhorbairt fhréamhchórais agus bhrainsí táirgiúla na bhfíniúnacha, tá dlús na bplandaí sna fíonghoirt i measc na gceann is airde sa tír.

8.2. *Mionsonraí faoin táirge*

Bíonn dath geal dearg ar na fíonta dearga a fhaightear ó ithreacha foraoise a bhfuil dath donn agus donnrua orthu, roinnt ithreacha measartha podsalacha, atá lán le haolchloch agus atá suite ar ghairbhéal glárach, agus bíonn siad mín, agus bíonn tathag agus neart iontu. Bíonn dea-bholaithe plumaí, cuiríní dubha, sútha craobh agus géire éadrom ar na fíonta dearga, mar aon le cumhracht tharraingteach a dtagann forbairt air le haosú, ina mbíonn mionbholaithe miontais agus caife mar aon le raimhre, tainniní cothroma géara agus ar a mbíonn rian fíneálta de fanaile le brath nuair a aibítear i mbairillí iad.

Bíonn dath buí éadrom nó scoth-ghlasbhuí geal ar na fíonta geala, mar aon le dea-bholadh agus blasanna torthaí, dea-bholaithe bláthanna fiáine, pailin fíniúna, bláth troim, blas cothrom a thugann an t-alcól agus an aigéadacht i gcomhchuibheacht optamach, lena ngabhann mionbhlasanna fíonchaor ró-aibí, meala, blátha líoma agus acaicia uaireanta. Braitheann an dath ar fhad an aosaithe i mbuidéil agus athraíonn sé ó bhuí órga go hómra.

Bíonn dath idir bándearg agus dath éadrom an bhradáin ar na fíonta *rosé*, agus bíonn dea-bholaithe sútha talún fiáine, almóinne, peiteal róis, blas úr, briosc, torthaíoch orthu, lena ngabhann dea-bholaithe silíní úra agus iarbhlas beagán searbh, agus bíonn cáilíochtaí ar leith i bhfíonta úra nuair a bhaineann siad a n-úire uasta amach.

Is suntasach na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus na fíonta súilíneacha aramatacha ar ardchaighdeán i bhfianaise go dtagann an bunfhíon ó fíonchaora a bhuantar nuair a bhíonn an chothromaíocht is fearr iontu idir siúcraí, aigéadacht agus dea-bholaithe. Bíonn siad sainiúil mar gheall ar a bhfíneáltacht, a mbroidearnach, mar aon leis an mionsúilíniú fada a bhíonn iontu, an rian de ghiosta uathalaithe a bhíonn le brath orthu, dea-bholaithe coipthe, mil, dea-bholaithe torthaíocha úill bhuí, sútha talún fiáine, sméara dubha, sútha talún agus almóinní.

8.3. *Mionsonraí faoi thosca daonna*

Sna fíonghoirt nuabhunaithe tá an dlús idir: 4 132 phlanda agus 5 500 planda in aghaidh an heicteáir. I bhfíonghoirt eile is é 3 200 planda in aghaidh an heicteáir an dlús íosta a nglactar leis.

Buantar na fíonchaora amach san fhómhar toisc go mbíonn an fómhar fada agus séimh ann, ar lena linn a scalann a dóthain gréine, a mbíonn teorainn leis an líon báistí a thiteann, a mbíonn na teochtaí idir séimh agus measartha agus a mbaineann dálaí leis a fhágann go mbíonn an próiseas aibithe mall agus nach gcailleann na fíonta socra geala agus an fíonta socra dearga dea-bholadh ná dath.

Féadfar fíonta *rosé* a fháil freisin ó chineálacha Pinot gris má mhaothaítear na torthaí chomh fada agus is gá chun an dath a eastóscadh ó chraiceann daite go fíneálta na gcineálacha sin. Féadfar fíon geal a fháil ó fíonchaora dubha nó dearga freisin.

I bhfianaise an tírdhreacha an-gharbh, ina bhfuil fánaí géara anseo agus ansiúd, tá cleachtas ann féar a fhás sna sraitheanna idir na fíniúnacha, rud a chuidíonn leis an ithir a chobhsú agus barraíocht uisce a ídiú, agus ar an gcaoi sin na dea-bholaithe, an t-eastóscán agus an aigéadacht a thiúchan.

Buantar na fíonchaora a úsáidtear chun bunfhíon a tháirgeadh le haghaidh fíonta súilíneacha istoíche nó go luath ar maidin chun nach dtéann siad agus chun na dea-bholaithe a chaomhnú. Buantar na fíonchaora uile de láimh chun a áirithiú nach scoilteann siad ó cheann ceann, a fhágann go seachnaítear ocsaídiú agus dathú na n-úrfhíonta. Tá fáscadh measartha agus scaradh na gcodán ann freisin chun saintréith úr, mhín na bhfíonta agus an raon éagsúil dea-bholaithe (úr, briosc) a fháil.

Déantar na bunfhíonta a úsáidtear chun na fíonta súilíneacha a tháirgeadh a choipeadh ag teochtaí níos ísle, ar feadh tréimhse níos faide, agus ligtear d'iarmhar giosta filleadh ar an dromchla ag deireadh an choipthe alcólaigh (*bâtonnage*).

Cé gur táirgeadh fíon súilíneach san am a chuaigh thart (le linn na tréimhse idir an dá Chogadh Domhanda) sa limistéar a chumhdaítear leis an ainmniúchán, a fhaightear trí choipeadh tánaisteach i mbuidéil trí úsáid a bhaint as an modh clasaiceach, agus a dhíoltar go príomha ar na margaí intíre agus eachtracha, caitear sna cleachtais atá ann faoi láthair beagán níos mó ama ar phróiseáil chun gnáth-dhea-bholaithe taosráin a tháirgeadh, ar taosráin iad a chruthaítear leis an iarmhar giosta ar a gcaitheann siad líon maith míonna (iarbhlas aráin thóstáilte).

Ní raibh neart alcóil an-ard ag na seanfhíonta Drăgășani, thart ar 10 % de réir toirte, agus bhí cáil orthu as an úire ar thug an dé-ocsaíd charbóin dóibh, úire ar saintréith d'fhíonta a bhfuil coipeadh neamhiomlán acu í, chomh maith le blas beagán bácáilte. Fuarthas ó fhíonchaora a bhuantar déanach iad, tar éis coipeadh fada séimh ag teochtaí ísle, agus choinnigh siad a n-aigéadacht go dtí go luath san earrach. Rinneadh na cleachtais sin a oiriúnú go pointe áirithe le himeacht ama. Anois, buantar na fíonchaora níos luaithe chun an mhianracht a chaomhnú (torthaíoch, úr, súmhar, séimh agus citreach go héadrom), agus is saintréithe de na fíonta an siúcra iarmharach an-íseal (*Brut Nature*) agus na dea-bholaithe marthanacha agus an aigéadacht mheasartha mar aon le halcól measartha atá i gceist leo, rud a áirithíonn uigeacht uachtarúil, éadroime agus úire torthaí.

8.4. *Idirghníomhaíocht chúisíoch idir an limistéar agus an táirge*

Tá cáil ar na fíonta a fhaightear ó fhíonghoirt Dealul Olt, Dobrușa, Șutești, Mitrofani, Călina, Prundeni, Orlești agus Gușoeni as a gcáilíocht shonrach (fíonta geala, ar fíonta aramatacha iad de ghnáth), ach freisin as fíonta dearga a dhéantar as fíonchaora a fhástar i ndáileachtaí talún atá suite ar an trian uachtarach de na cnoic, ina gcarnann leibhéil níos airde siúcraí agus antóiciainíní sna fíonchaora mar gheall ar leibhéil níos airde gréine agus ithreacha níos boichte, rud a chuireann teorainn leis an táirgeadh ach a chuireann feabhas ar an gcáilíocht.

Léiríonn limistéir ina bhfuil cnámhithreacha tiúchan na bhfíonta geala (240-250 g/l siúcra), atá an-oiriúnach d'fhíonta leath-thirime, ina mbíonn ró-aibiú agus méid siúcra 260-280 g/l. Tugann cnámhithreacha nó ithreacha iarnaí dath geal dearg agus dea-bholaithe maothlaithe do na fíonta dearga (torthaí foraoise dea-aibithe, prúnaí).

Áirithítear leis an aeráid réasúnta fionnuar go n-aibíonn na fíonchaora go mall. Sin an fáth a mbíonn moill ar bhuaint an fhómhair. Áirithíonn an ithir, atá lán le salainn mhiotail, an chomhchuibheacht idir siúcra agus aigéadacht tríd an bhféidearthacht a sholáthar coipeadh a dhéanamh ag teochtaí ísle chun fíonta láidre, míne a bhfuil milseacht thaitneamhach acu a fháil, rud a choinníonn gnáthbheogacht ar bun ar feadh tréimhse fhada (6-8 mí) a bhuí le dé-ocsaíd charbóin intuaslagtha. Bíonn dath glasbhán geal ar na fíonta, ar a mbíonn blas torthaí dea-aibithe, dea-bholaithe bláthanna fiáine, pailin fíniúna, bláth troim, agus blas cothrom. Faightear fíonta geala agus fíonta a bhíonn aramatach de ghnáth sa trian uachtarach de na fánaí/ar cnámhithreacha agus ithreacha reinsíne, agus carnann siad níos mó ná 240-250 g/l siúcra (oiriúnach le haghaidh fíonta leath-thirime, leathmhilse).

Bíonn fíneáltacht ag baint leis na fíonta ó na fíonghoirt atá suite ar ithreacha aolchloiche, agus bíonn dath geal dearg ar na fíonta dearga ó na fíonghoirt atá suite ar cnámhithreacha nó ithreacha iarnaí.

Áirithítear le hithreacha gairbhéalacha go ndraenálann barraíocht uisce leis. Téann siad beagán freisin, agus fágann an choinneáil teasa sin gur féidir leis na fíonchaora aibiú go maith, rud a thugann dea-bholaithe torthaí úra ar saintréith de na fíonta *rosé* iad do na fíonta agus a choinníonn an chothromaíocht idir siúcraí agus aigéadacht ar bun chun dea-bholaithe éadroma torthaí measartha aibí sna fíonta sin a mhúnlú — bolaithe torthaíocha éadroma.

Is ithir heitrea-argach, scaoilte í an próit-ithir bhréag-reinsíne antrapaigineach atá sa trian uachtarach den limistéar agus tá carbónáit chailciam tuaslagtha san ithir sin (tá píosaí garbha le fáil i gcion mór chun aimhleas na bpíosaí míne). Ar an ithir sin, bíonn táirgeacht níos ísle de chaighdeán ard i gceist leis na cineálacha sin, carnann an méid is mó siúcra agus cainníochtaí móra líocha sna fíonchaora, agus bíonn dea-bholaithe ar leith torthaí foraoise aibí (sútha craobh agus sútha talún) ar na fíonta dearga.

Bíonn táirgeacht níos airde i gceist leis na fíonghoirt atá suite sa trian láir den limistéar (réamhlúvasal bréag-ghlónraithe íseal, crédhúrabhán, ithir bhalctha, ina bhfuil leibhéil arda húmais) ach bíonn leibhéil níos ísle siúcraí agus líocha/substaintí aramatacha freisin i gceist leo.

Tá an limistéar fáis fíniúnacha a úsáidtear chun fíonchaora a tháirgeadh atá beartaithe chun an bunfhíon a tháirgeadh le haghaidh fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán cnocach agus briste suas le gleannta, agus tá buaiceanna idir aibhneacha agus fánaí géara comhthreomhar le habhainn Olt. Tá airde na gcnoc 193 m agus 463 m a mbaineann nochtaí éagsúla leo atá fabhrach do shaothrú fíniúnacha. Is í abhainn Olt an príomhchóras hidreagrafach, an príomháit ina mbailíonn barraíocht báistí ó na cnoic. Sna gleannta doimhne a scarann iad, aibíonn na fíonchaora go maith ar bhealach atá fabhrach d'fhorbairt leibhéil aigéadachta mheánaigh, a d'fhéadfadh a bheith beagán ard fiú, san fhíon súilíneach ar ardchaighdeán agus san fhíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán.

Tá éagsúlachtaí teochta níos giorra ó thaobh raoin de, le laethanta níos fuaire agus atmaisféar níos taise, a bhuí le tionchar maolaithe abhainn Olt, a chosnaíonn an limistéar ar theas iomarcach an tsamhraidh. Mar gheall ar na teochtaí beagán ard agus an bháisteach sa chéad chuid den chéim aibithe (deireadh mhí Iúil) is féidir an cóimheas aigéadachta a mhúnlaíonn na dea-bholaithe (atá torthaíoch den chuid is mó) agus méid siúcra na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus na bhfíonta súilíneacha aramatacha a bhaint amach go tapa.

Bíonn dea-bholaithe boga agus saintréith úr i gceist leis na fíonta súilíneacha ar ardchaighdeán agus leis na fíonta súilíneacha aramatacha a tháirgtear ó na fíonghoirt in Dobruşa, šuteşti, Călina, Prundeni agus Guşoeni, i limistéir ar airde níos mó ná 400 m ina bhfuil na fíonghoirt suite ar ithreacha measartha podsalacha, atá lán le haolchloch agus atá suite ar ghairbhéal glárach, i bhformhór na gcásanna bíonn torthaíocht úr inaitheanta acu (Sauvignon, Crâmpoşie selecţionată, Tămâioasă românească). Is féidir tathag measartha agus láidreacht a bheith iontu freisin, mar aon le dea-bholaithe torthaí foraoise, torthaí aibí, silíní searbha, cuiríní dearga, sútha craobh, sútha talún agus plumaí (Negru de Drăgăşani, Alutus, Novac, Pinot noir), agus aigéadacht bhríomhar agus mharthanach in éineacht le mianracht mhín. Tugann aigéadacht ard úire a bhaineann go sonrach le fíon súilíneach ar ardchaighdeán agus le fíon aramatach agus cuidíonn sí lena ghléine agus lena chobhsaíocht a áirithiú.

Cuireann ithreacha gairbhéalacha ina bhfuil draenáil mhaith de bharraíocht uisce le haibiú maith fíonchaor trí úire na ndea-bholaithe i bhfíon súilíneach ar ardchaighdeán agus i bhfíon súilíneach aramatach a mhúnlú, le torthaíocht inaitheanta den chuid is mó i bhfíonta *rosé*, agus an chothromaíocht idir siúcraí agus aigéadacht a mhúnlaíonn fíneáltacht na ndea-bholaithe á coinneáil ar bun. Leis an ithir chrédhúrabháin réamhlúvasail bhréag-ghlónraithe íseal ina bhfuil leibhéil arda húmais i bhfíonghoirt atá suite sa trian láir den limistéar meántáirgeacht chomhsheasmhach (leibhéil níos ísle siúcra) ach a mbaineann speictream datha beagán laghdaithe léi. Dá bhrí sin, tá cothromaíocht idir siúcraí agus aigéadacht ag na fíonta (bíonn an fómhar fada agus séimh, ar lena linn a scalann a dóthain gréine, a mbíonn teorainn leis an líon báistí a thiteann, a mbíonn na teochtaí idir séimh agus measartha agus a mbaineann dálaí leis a fhágann go mbíonn an próiseas aibithe mall agus nach gcailltear dea-bholadh), rud a fhágann go mbíonn speictream dea-bholaithe ann arb iad is saintréithe dóibh fíneáltacht, blasanna torthaíocha den chuid is mó (úll buí, sútha talún fiáine, sméara dubha, sútha talún, almóinní, cuiríní agus silíní searbha) bolaithe míne giosta uathalaithe nó dea-bholaithe coipthe freisin uaireanta, agus saintréith bhláthach (luibheanna, bláth troim, rós agus féar beagán triomaithe). Le linn na tréimhse ina n-aibíonn na fíonchaora, bíonn an aeráid níos séimhe ná mar a bhíonn sí i limistéir eile, rud a chiallaíonn go gcarnann na siúcraí de réir a chéile, nach ndíhiodráitíonn na fíonchaora agus nach mbíonn aon laghdú tobann ar aigéadacht agus nach mbíonn caillteanas dea-bholaithe i gceist.

9. **Ceanglais shonracha eile (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Dálaí margaíochta

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

Cineál an choinníll breise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

I gcás fíonta ATFC Drăgăşani, ní mór an cineál fíona a thaispeáint ar an lipéadú, de réir a mhéid siúcra (tirim, leath-thirim, leath-mhilis, milis).

Féadfar fíon súilíneach ar ardchaighdeán agus fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán a tháirgeadh agus a mhargú de réir an mhéid iomláin siúcra inbhéartaithe (glúcós + fruchtós) mar *Brut Nature, Extra Brut, brut*, tirim, leath-thirim agus milis i gcomhréir leis an reachtaíocht.

I gcás fíonta súilíneacha aramatacha, ní mór ainm an chineáil fíniúna as a dtagann na fíonchaora nó na focail ‘déanta as fíonchaora de chineálacha aramatacha’ a bheith ar an lipéad.

Déantar fíon súilíneach ar ardchaighdeán agus fíon súilíneach aramatach ar ardchaighdeán Drăgăşani a bhuidéalú i mbuidéil ghloine 0,375 lítear, 0,75 lítear, 1,5 lítear agus 3,0 lítear.

Ar na lipéid fíona, féadfar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh chláraithe a fhorlíonadh freisin leis na hainmniúcháin fíonghoirt aonair seo a leanas: DEALUL OLT, DOBRUŞA, ŞUTEŞTI, MITROFANI, CĂLINA, PRUNDENI, ZĂVIDENI, ORLEŞTI, GUŞOENI, MĂGURENI, SPÂRLENI.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

https://www.onvpv.ro/sites/default/files/caiet_de_sarcini_doc_dragasani_modf_cf_cererii_1353_14.07.2020_no_track_changes_cf_notific_com_1266_24.06.2025.pdf